



AN TIONSCAL COSANTA

Le láimhdeachas de EUR 97.3 billiún in 2014, 500,000 duine fostaithe go díreach agus 1.2 milliún post indíreach, is ollearnáil tionsclaíochta é tionscal cosanta na hEorpa. Tá codanna eacnamaíocha agus teicneolaíocha mar chuid de, ar tosca tábhachtacha iad don iomaíochas tionsclaíoch Eorpach. Bunaithe in 2004, cuireann an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint le forbairt an tionscail sin. Tá dúshlán roimh an earnáil faoi láthair amhail ilroinnt sa mhargadh agus laghdú ar an gcaiteachas cosanta.

AN BUNÚS DLÍ

Ní mór gníomhaíocht AE sa réimse sin a bheith bunaithe ar Airteagal 352 den Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena ndéantar foráil do chásanna nach ndéantar foráil shainráite dóibh i gConarthaí AE chun an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun ceann de chuspóirí an Aontais a bhaint amach. Is le hAirteagal 173 CFAE a sholáthraítear an bunús dlí do bheartas tionsclaíoch AE. Le hAirteagal 346(1) CFAE, áfach, tá srian curtha le cur i bhfeidhm rialacha an mhargaidh inmheánaigh maidir leis an margadh um threalamh cosanta, ina sonraítear go '[bhféadfaidh] aon Bhallstát cibé bearta is gá leis a ghlacadh chun leasanna bunúsacha a shlándála a chosaint agus ar bearta iad a bhaineann le hairm, muinisin agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a thrádáil'.

CUSPÓIRÍ

Tá an tionscal cosanta tábhachtach don Aontas, mar gheall ar ghnéithe dá bheartas teicneolaíochta agus eacnamaíochta. Tá iomaíochas thionscal cosanta na hEorpa ríthábhachtach do chreidiúnacht an chomhbheartais slándála agus chosanta (CBSC), ar comhbheartas é atá ina thús. Tá sé tábhachtach go gcomhoibríonn na Ballstáit le chéile chun deireadh a chur le beartais agus cleachtais lena gcuirtear cosc ar chuideachtaí cosanta Eorpacha a bheith ag obair le chéile ar bhealach níos éifeachtúla.

A BHFUIL BAINTE AMACH

Tá tionscal cosanta AE tábhachtach do gheilleagar na hEorpa ina iomláine. Amhail gach gníomhaíocht thionsclaíoch eile, tá sé de cheanglas air éifeachtúlacht níos mó a chur ar fáil dá chustaiméirí chun luach ar airgead a sholáthar agus, ag an am céanna, leasanna a scairshealbhóirí a chosaint.



A. Saincheisteanna cúlra

1. Beartas taighde agus forbartha

Tá cistiú AE dírithe go príomha ar chuspóirí sibhialtacha. Is féidir le cuid de na réimsí teicneolaíochta a chumhdaítear leis, áfach, — e.g. ábhair nó teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFCanna) — cur le feabhas an bhoinn theicneolaíoch chosanta agus le hiomaíochas an tionscail. I gcás inar féidir é, ba cheart, dá bhrí sin, riachtanais an tionscail chosanta a léiriú i gcur chun feidhme bheartas taighde AE. Ag an gcruinniú a bhí aici i mí na Nollag 2013, thug an Chomhairle Eorpach cuireadh do na Ballstáit infheistíocht i gclár thaighde chomhoibríoch a mhéadú, agus d'iarr sí ar an gCoimisiún freisin i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) tograí a fhorbairt chun taighde dé-úsáide a spreagadh tuilleadh.

2. Onnmhairí

In 2008, ghlac an Chomhairle Comhsheasamh [2008/944/CBES \(CP\)](#), ina sonraítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe trealaimh agus teicneolaíochta míleata, ar comhsheasamh é a tháinig in ionad comhaontú polaitiúil a bhí ann roimhe, [Cód Iompair AE maidir le hOnnmhairiú Arm](#) (1998). Leis an gComhsheasamh, is é AE an t-aon eagraíocht réigiúnach a bhfuil comhaontú ceangailteach ó thaobh an dlí de bunaithe aige maidir le honnmhairiú Gnáth-Arm. Is é aidhm an chomhsheasaimh feabhas a chur ar chóineasú bheartas náisiúnta Bhallstáit AE maidir le rialú ar onnmhairiú arm, ach onnmhairiú arm a bheith faoi réir na hinniúlachta náisiúnta i gcónaí. Tá córas rialaithe AE ar onnmhairithe é féin á rialú ag Rialachán (CE) 428/2009, lena ndéantar foráil do chomhrialacha rialaithe AE, do liosta coiteann AE d'ítimí dé-úsáide agus do chomhordú agus comhar chun tacú le cur chun feidhme agus forfheidhmiú comhsheasmhach ar fud an Aontais.

D'fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Uaine an 30 Meitheamh 2011 ar chóras rialaithe onnmhairí dé-úsáide AE, ar páipéar a raibh sé mar aidhm leis machnamh a dhéanamh ar fheidhmiú reatha chóras rialaithe onnmhairí AE agus breithniú a dhéanamh ar réimsí ina bhféadfaí athchóiriú a dhéanamh. Réitigh sin an bealach chun Teachtaireacht [\(COM\(2014\) 0244\)](#) a ghlacadh ina leagtar amach fíis fhadtéarmach le haghaidh rialuithe straitéiseacha onnmhairí AE agus ina saináithnítear roghanna nithiúla beartais le haghaidh nuachóiriú an chórais rialaithe onnmhairí. I mí Mheán Fómhair 2016, ghlac an Coimisiún togra chun nuachóiriú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 atá ann cheana agus chun rialuithe ar onnmhairithe ítimí dé-úsáide a neartú.

B. Beartas AE maidir leis an tionscal cosanta

1. I dtreo Mhargadh na hEorpa um Threalamh Cosanta (EDEM)

I mí Mheán Fómhair 2004, thíolaic an Coimisiún Páipéar Uaine ar sholáthar trealaimh cosanta [\(COM\(2004\) 0608\)](#), arb é is cuspóir leis cur le 'Margadh na hEorpa um Threalamh Cosanta' (EDEM) a chruthú de réir a chéile idir na Ballstáit, ar bhonn níos trédhearcaí agus oscailte. Tá an Páipéar Uaine mar chuid den straitéis 'I dtreo Bheartas AE um Threalamh Cosanta' a ghlac an Coimisiún ag tús 2003. Ba é a bhí mar aidhm leis úsáid níos éifeachtúla acmhainní i réimse na cosanta a bhaint amach agus iomaíochas an tionscal san Eoraip a mhéadú, chomh maith le feabhsúcháin



a dhéanamh ar threalamh míleata i gcomhthéacs an chomhbheartais slándála agus cosanta.

In 2007, chomhaontaigh Ballstáit AE feabhas a chur ar fhorbairt 'Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí' (EDTIB) le cúnamh ó Straitéis de chuid EDTIB. Tá cothabháil agus tuilleadh forbartha EDTIB ar cheann de phríomhchuspóirí bheartas AE maidir leis an tionscal cosanta. I mí Iúil 2006, seoladh an Córas Idir-Rialtasach chun lomaíocht a Spreagadh i Margadh na hEorpa um Threalamh Cosanta. Déantar an córas idir-rialtasach deonach sin a oibriú ar bhonn [Chód Iompair maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta](#) (Samhain 2005), agus tacaíocht á fáil aige ó chóras tuairiscithe agus faireacháin chun cabhrú le trédhearcacht agus cuntasacht fhrithpháirteach idir na Ballstáit a áirithiú. Gné thábhachtach eile ná an [Cód Dea-Chleachtais sa Slabhra Soláthair](#) (Bealtaine 2005).

Tá an caighdeánú ar threalamh cosanta tábhachtach chun margaí náisiúnta a chomhtháthú. Glacadh céimeanna chuige le seoladh Chóras Tagartha na gCaighdeán Cosanta Eorpach (EDSTAR) in 2012, ar tairseach é a tháinig in ionad a réamhtheachtaí, an Lámhleabhar Eorpach maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta (EHDP). Lean EDSTAR bunú Chóras Faisnéise na gCaighdeán Cosanta Eorpach (EDSIS), ar tairseach é le haghaidh caighdeánú níos forleithne a dhéanamh ar threalamh míleata Eorpach agus lena ndírítear ar fhógraíocht a dhéanamh faoi threalamh míleata a bheidh le forbairt nó a mbeidh modhnú substainteach le déanamh air.

Ghlac an Coimisiún, an 24 Iúil 2013, teachtaireacht ina bhfuil plean gníomhaíochta chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus iomaíochas thionscal cosanta na hEorpa ([COM\(2013\) 542](#)). Cumhdaítear sna tionscnaimh na réimsí seo a leanas: an margadh inmheánach, beartas tionsclaíochta, taighde agus nuálaíocht, cumais, an spás, fuinneamh agus an trádáil idirnáisiúnta. Maidir le soláthar trealaimh cosanta, fógraítear sa teachtaireacht bunú sásra um fhaireachán ar an margadh.

2. Soláthar trealaimh cosanta agus aistrithe táirgí cosanta laistigh de AE

Trí Threoir 2009/43/CE maidir le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh de AE agus trí Threoir 2009/81/CE maidir le soláthar trealaimh cosanta agus slándála, tá treoirlíne ábhartha curtha ar bun ag an Aontas chun creat AE sa réimse sin a bhunú.

Le Treoir 2009/81/CE, tugadh isteach rialacha cothroma agus trédhearcacha maidir le soláthar trealaimh cosanta, rud ar cheart é a dhéanamh níos éasca do chuideachtaí cosanta rochtain a fháil ar mhargaí cosanta na mBallstát eile. Foráiltear leis do nós imeachta idirbheartaithe le foilsiú roimh ré mar an buan-nós imeachta, rud a chiallaíonn gurb ann do níos mó solúbthachta, rialacha sonraithe maidir le slándáil faisnéise íogaire, clásail maidir le slándáil an tsoláthair agus rialacha sonracha maidir le fochonraitheoireacht. Féadfaidh na Ballstáit, áfach, conarthaí cosanta agus slándála a dhíolmhú má bhíonn sé sin riachtanach chun a leasanna bunúsacha slándála a chosaint (Airteagal 346 CFAE).

Le Treoir 2009/43/CE maidir le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh de AE, déantar na coinníollacha agus nósanna imeachta maidir le haistrithe táirgí den sórt sin a shimpliú agus a chomhchuibhiú ar fud an Aontais. Cruthaítear léi córas aonfhoirmeach agus trédhearcach de thrí chineál ceadúnas: ginearálta, domhanda agus aonair. Gné thábhachtach eile den Treoir ná deimhniú cuideachtaí. Cuideachtaí a mheastar a bheith



iontaofa, beidh siad i dteideal tabhairt faoi aistrithe faoi cheadúnais ghinearálta. Ba cheart go n-úsáidfí ceadúnú aonair ar bhonn eisceachtúil agus é a bheith teorannaithe do chásanna ar léir go bhfuil siad inchosanta.

3. Gníomhaireacht Eorpach um Threalamh Cosanta

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint an 12 Iúil 2004. Seo a leanas na príomhfheidhmeanna atá aici: cumais chosanta a fhorbairt; an Comhar Eorpach um Armálacha a chur chun cinn agus a fheabhsú; Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a neartú agus Margadh na hEorpa um Threalamh Cosanta (EDEM) atá iomaíoch ar an leibhéal idirnáisiúnta a chruthú; agus éifeachtacht taighde agus teicneolaíochta i gcúrsaí cosanta na hEorpa a fheabhsú.

4. Clár Taighde maidir le Slándáil na hEorpa

In ainneoin na n-iarrachtaí chun comhchreat maidir le beartas cosanta na hEorpa a cruthú, tá laghdú géar tagtha ar thaighde i gcúrsaí cosanta na hEorpa ó 2006. Agus iad ar an eolas faoin treocht neamhfhabhrach sin, tá roinnt mhaith de chomhlachtaí polaitiúla an Aontais ag cur ina héadan anois. Tá níos mó tionscadail ‘dé-úsáide’ ar áireamh anois i gclár sibhialtach AE um Thaighde agus um Nuálaíocht, Fís 2020 (2014-2020). Ceann de na dúshláin atá ann (Dúshlán na Sochaithe Slána) ná taighde a chothú chun sairse agus slándáil na hEorpa agus a saoránach a chosaint. Is é atá mar aidhm leis ná na geallsealbhóirí slándála uile a thabhairt le chéile: an earnáil tionsclaíochta, lena n-áirítear FBManna, eagraíochtaí taighde agus ollscoileanna, chomh maith le húdarais phoiblí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha i réimse na slándála. Tá tábhacht mhór ag baint le rannpháirtíocht ghníomhach úsáideoirí deiridh. Is é an buiséad a leithdháiltear ar Shochaithe Slána don tréimhse 2014-2020 ná EUR 1 700 milliún, arb ionann é agus 2.2% de chistí Fís 2020.

Maidir leis an méadú ar an tábhacht a bhaineann le taighde i gcúrsaí cosanta agus na hathruithe ar thimpeallacht slándála na hEorpa a rinneadh le gairid, mhol an Coimisiún, i mí na Samhna 2016, Ciste Eorpach Cosanta agus gníomhaíochtaí eile chun tacú le caiteachas níos éifeachtúla na mBallstát ar chomhchumais chosanta, chun slándáil shaoránaigh na hEorpa a neartú agus chun bonn tionsclaíochta iomaíoch agus nuálach a chothú ([Plean Gníomhaíochta Cosanta don Eoraip — COM\(2016\) 0950](#)). Faoin gcéad gcreat airgeadais ilbhliantúil eile de chuid AE (2021-2027), tá sé ar intinn ag an gCoimisiún sainchlár Taighde Eorpach um Chosaint (EDRP) a mholadh a mbeadh aige buiséad measta de EUR 500 milliún sa bhliain.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ghlac an Pharlaimint rún éagsula a bhaineann leis an tionscal cosanta. I [Rún](#) a glacadh an 10 Aibreán 2002^[1], d'iarr an Pharlaimint go gcruthófaí Gníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus go ndéanfaí caighdeánú sa chosaint. I [Rún](#) maidir leis an bPáipéar Uaine ar sholáthar trealaimh cosanta^[2], d'athdhearbhaigh an Pharlaimint a tuairim, ar tuairim í a nochtadh roimhe sin ina rún in 2002, go bhfuil tionscal Eorpach cosanta atá láidir, éifeachtúil agus inmharthana agus beartas éifeachtach um sholáthar

[1] IO C 127 E, 29.5.2003, lch. 582.

[2] IO C 280 E, 18.11.2006, lch. 463.



ríthábhachtach d'fhorbairt an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta. Tugadh sa Rún freisin spreagadh d'iarrachtaí an Choimisiúin chun cur le margadh na hEorpa um threalamh cosanta (EDEM) a chruthú de réir a chéile, a bheadh níos trédhearcaí agus oscailte idir na Ballstáit. Bhí an Pharlaimint in ann a áirithiú freisin go ndearnadh a himní maidir leis an 'mbeart cosanta', mar a thugtar air, (i.e. Treoir 2009/43/CE agus Treoir 2009/81/CE) a léiriú i dtéacsanna críochnaitheacha na dTreoracha a glacadh (e.g. trédhearcacht a neartú agus srian ar úsáid fritháireamh).

Ina [Rún](#) an 22 Samhain 2012 maidir le cur chun feidhme an CBSC^[3], d'áitigh an Pharlaimint gur cheart comhdhlúthú bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch thionscal cosanta na hEorpa a bheith mar thoradh freisin ar fhorbairt cumais Eorpacha, agus d'iarr sí ar na Ballstáit Treoir 2009/81/CE a chur chun feidhme go hiomlán chun breis idir-inoibritheachta trealaimh a bhaint amach agus chun ilroinnt sa mhargadh a chomhrac.

Sa [Rún](#) ón bParlaimint an 21 Samhain 2013^[4], iarrtar go n-athneartófar comhoibriú tionsclaíoch Eorpach, agus cuirtear béim ann ar an ngá le tacú le misin CBSC trí thaighde agus forbairt Eorpach trí leas a bhaint as an gclár taighde Fís 2020. Tugtar cuireadh ann freisin do na Ballstáit an trédhearcacht a fheabhsú agus an oscailteacht a mhéadú ina margaí cosanta, agus béim á leagan ar chineál sonrath an tsoláthair threalaimh chosanta.

In dhá Rún a glacadh i [mí na Bealtaine 2015](#)^[5] agus i [mí Aibreáin 2016](#)^[6], d'iarr an Pharlaimint go dtabharfaí isteach beartas eachtrach agus slándála Eorpach a bheadh éifeachtach agus uailmhianach agus a bheadh bunaithe ar fhís chomhroinnte de phríomhleasanna Eorpacha. Ghríosaigh sí na Ballstáit cuspóirí beartais a shainiú bunaithe ar leasanna coiteanna atá comhroinnte agus d'áitigh sí gur cheart Páipéar Bán ar chosaint AE a ghlacadh ar bhonn na straitéise domhanda. Thacaigh an Pharlaimint le CBSC láidir agus comhar cosanta i measc na mBallstát a fhorbairt.

I mí na Samhna 2016, ghlac an Pharlaimint [Rún](#) maidir le hAontas Eorpach um Chosaint (EDU)^[7], agus mhol sí gur cheart é a sheoladh mar bheart práinne.

Frédéric Gouardères
05/2019

[3] IO C 419, 16.12.2015, lch 124.

[4] IO C 436, 24.11.2016, lch 26.

[5] IO C 353, 27.9.2016, lch 74.

[6] Téacsanna a glacadh, [P8_TA\(2016\)0120](#).

[7] Téacsanna a glacadh, [P8_TA\(2016\)0435](#).

